Oifig an Ard-Aighne

Ráiteas Straitéise

2015 - 2017

Misean na hOifige

Is é an misean atá againn an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí chomh heacnamaíoch agus go héifeachtach agus is féidir agus comhlíonadh le riail an dlí a thacú.

Clár ábhair

Réamhrá an Ard-Aighne

Tá áthas orm an Ráiteas Straitéise nua d'Oifig an Ard-Aighne a chur faoi bhráid, ina n-áirítear Oifig an Abhcóide Parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Is deis é seo don Oifig athscrúdú a dhéanamh ar a áit taobh istigh de chreat dlíthiúil agus rialtais an Stáit agus ar an tslí a gcuirtear a rólanna dúshlánacha agus éagsúla i gcrích. Tá mé bródúil gur choinnigh an Oifig ardchaighdeáin le linn tréimhse nuair a bhí acmhainní níos teoranta ach go raibh éileamh méadaithe ar sheirbhísí dlí, agus gur chuidigh an Oifig le cur i bhfeidhm an Chláir don Rialtas trí thacaíocht dlíthiúil. Tsoláthraítear leis an Ráiteas seo creat de spriocanna don Oifig d'fhonn pleanáil don todhchaí i ndomhan agus i dtimpeallacht dhlíthiúil atá ag athrú go tapa.

Maire Whelan SC

Brollach ón Ard-Stiúrthóir agus ón bPríomh-Abhcóide Parlaiminte.

'Ta an Státseirbhís agus Oifig an Ard-Aighne ag dul isteach i dtréimhse athraithe agus athnuachana faoi láthair. Beidh ar an Oifig coinneáil ar an eolas maidir le gach forbairt chun ionchais éifeachtúlachta agus seachadadh seirbhíse a shásamh. Sholáthair anailís fhairsing chomhshaoil bonn don Ráiteas Straitéise nua seo ionas gur féidir leis gníomhú mar chreat chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá amach romhainn, agus cuirfidh sé ar ár gcumas leanúint ar aghaidh le seirbhís dlí den scoth a sholáthar don Rialtas.'

Liam O'Daly, Ard-Stiúrthóir.

Paul Linehan, Príomh-Abhcóide Parlaiminte.

Réamhfhocal ón bPríomh-Aturnae Stáit

Cuirim fáilte roimh ár Ráiteas Straitéise nua. Cuireann an timpeallacht dlíthiúil atá ag éirí níos sofaisticiúla dúshláin agus deiseanna roimh ár nOifig agus ár gcliaint. Roinnimid, lenár gcliaint, an méid seo a leanas; an dúil go soláthraíonn ár nOifig sainseirbhís dlí atá oiriúnaithe do, agus forbartha ar aon dul leis, riachtanais ár Ranna agus Oifigí cliaint. Tugaimid aitheantas freisin don dúshlán chun freagairt don úsáid mhéadaithe de ghnólachtaí dlí seachtracha an Rialtas i réimsí

speisialaithe sa chaoi is go gcoinnítear comhsheasmhacht, luach ar airgead agus leas an phobail. Chun freastal ar na dúshláin seo, ní mór dúinn ár gcumarsáid agus comhoibriú lenár gcliaint a neartú, sa chaoi is go ndoimhnítear ár n-eolas ar a gcuid riachtanas seirbhíse dlí. Táim ag súil go mór leis na dúshláin agus na deiseanna sna trí bliana atá amach romhainn agus, go háirithe, le comhoibriú cliant a neartú. Déanfaidh sé seo seachadadh de sheirbhís níos éifeachtaí ag ár bhfoireann tiomanta a chinntiú, rud a chuireann ár gcliaint i gcroílár an mhéid a dhéanaimid agus a thacaíonn le fís lárnach Phlean Athnuachana na Státseirbhíse 2015-17.

Eileen Creedon, Príomh-Aturnae Stáit

Struchtúr na hOifige

Faoin mBunreacht, is í an tArd-Aighne, Máire Whelan SC, comhairleoir dlí don Rialtas agus, dá bhrí sin, príomhoifigeach dlí an Stáit. Cuimsíonn a hOifig: -

- an Abhcóide Comhairleach don Ard-Aighne, a chuireann comhairle ar an Rialtas ar fud gach mórspeisialtacht dlí, lena n-áirítear i ndáil le dréacht-reachtaíocht agus dlíthíocht díreach;
- Oifig an Abhcóide Parlaiminte don Rialtas, a chuireann sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta ar fáil don Rialtas agus d'Oifigí Rialtais ar leith
- Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, a chuireann seirbhísí aturnae dlíthíochta, comhairleacha agus idirbheartaíochta ar fáil do gach Roinn agus Oifig Rialtais.

Soláthraíonn an Oifig deontas-i-gcabhair freisin leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí a mhaoiniú, a bhfuil ról aige faoi Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 1975 an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolaithe, moltaí a dhéanamh i gcomhréir le Clár pleanáilte Athchóiriú an Dlí, agus an dlí a chur ar fáil do chách. Cuirtear an ról sin i gcrích tríd an an Eolaire Reachtaíochta agus Achtanna Athbhreithnithe an Oireachtais a nuashonrú.

Ról Bunreachtúil na hOifige

Cuirtear an tArd-Aighne, mar Phríomh-Oifigeach Dlí sa Stát - ról atá sainordaithe faoi Airteagal 30 den Bhunreacht – ar an eolas ar gach ábhar an Rialtais a bhfuil gné dhlíthiúil, cheart an duine nó bhunreachtúil ag baint leis. Tagann na seirbhísí dlí gairmiúla a chuireann a hOifig ar fáil, dá bhrí sin, leis an tairbhe de dhearcadh uile-rialtais. Gníomhaímid don Stát amháin agus, dá bhrí sin, oibrímid saor ó choinbhleachtaí leasa agus táimid maoinithe ag airgead arna vótáil ag an Oireachtas. Tá tuiscint againn ar na saincheisteanna dlí atá comhroinnte ar fud na Ranna agus na nOifigí go léir, mar gheall ar eolas institiúideach ar oibriúcháin an Stáit agus an Rialtais, a fuarthas trí thaithí oibre le Ranna agus le hOifigí Rialtais, lena n-aonaid dhlíthiúla agus le hiasachtaí Oifige a oibríonn i 12 Roinn. Cuireann sé seo muid i staid uathúil le bheith in ann cabhrú le Ranna agus le hOifigí i rioscaí dlíthiúla thar an Rialtas a réamh-mheas.

Is é an ról atá againn: -

- cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne a cuid feidhmeanna a chur i gcrích araon faoi Airteagal 30 den Bhunreacht agus faoi reacht;
- comhairle a chur ar an Rialtas, ar Ranna agus ar Oifigí i ngach ábhar dlí agus i dtuairim dhlíthiúil;
- seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas;
- ionadaíocht a dhéanamh don Stát i ndlíthíocht, cibé acu i gCúirteanna na hÉireann nó os comhair cúirteanna nó binsí seachtracha;
- dul i ngleic le Stáit eile i ndáil le nithe eiseachadta, Barántais Ghabhála Eorpacha, agus le hiarratais ar chúnamh frithpháirteach;
- ionchúisimh Aireachta a dhéanamh i gcás ina dtugtar treoir ó Ranna agus ó Oifigí cliaint;
- Seirbhís dlí maoine chuimsitheach a sholáthar do Ranna agus d'Oifigí cliaint;
- comhairlí tráchtála idirbheartaíochta eile a sholáthar le haghaidh réimsí tábhachtacha den Rialtas, mar shampla soláthar lárnach.

Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie.

Cúlra don Ráiteas Straitéise

Rinneadh ár Ráiteas Straitéise a fhorbairt trí rannpháirtíocht lenár Ranna cliaint, tar éis comhairliúcháin inmheánaigh ar fud codanna comhábhair na hOifige agus dianscrúdú ar an timpeallacht dhlíthiúil. Léiríonn sé seo fórsa tiomána ár straitéise, is é sin a bheith ag obair go dlúth le cliaint an Rialtais chun na seirbhísí dlí is fearr a sheachadadh. Aithnímid an riachtanas le bheith sách solúbtha inár struchtúr eagrúcháin chun deis a thabhairt dúinn freagairt do riachtanais dlí reatha agus sa todhchaí na Ranna agus na nOifigí Rialtais agus d'athruithe sa timpeallacht sheachtrach. Freagraíonn an Ráiteas Straitéise seo freisin do riachtanas an Chláir don Rialtas, Phlean Athnuachana na Státseirbhíse agus na dtosaíochtaí a bhaineann leo.

Cuirtear san áireamh leis an Ráiteas Straitéise seo an timpeallacht seachtrach, na deiseanna agus na dúshláin atá roimh an Stát trína Bhallraíocht den Aontas Eorpach agus de chomhlachtaí idirnáisiúnta eile agus tionchar reachtaíochta an AE ar Rialtas. Mar gheall ar

- an méadú sa luas lena mbíonn Ranna agus Oifigí Rialtais ag obair agus an gá a thagann as sin do sceidil luathaithe nua i ndáil le soláthar seirbhísí comhairle agus dréachtaithe, rud atá ag teacht le caighdeán a chothabháil,
- an caillteanas le déanaí de scileanna forbartha beartais i Ranna mar thoradh ar an gcaillteanas de phearsanra a bhfuil taithí acu ón Státseirbhís, agus
- úsáid mhéadaithe ag an Rialtas de sheirbhísí dlí seachtracha,

tuigeann an oifig go maith an gá atá le leanúint ar aghaidh le saindlíodóirí a fhorbairt don Oifig.

Leag an t-athbhreithniú ar an timpeallacht sheachtrach béim ar na dúshláin agus na deiseanna seo a leanas:

- **Clár Oibre Reachtach** - an dúshlán le dréacht-reachtaíocht de chastacht agus de phráinne éagsúla a tháirgeadh, go minic ar an mbonn de threoracha beartais a bhí forbartha go neamhiomlán.

- **Speisialtachtaí Dlí** – an deis le dul i gcomhairle go rialta leis an Roinn cliaint chun réimsí nua dlí agus iad atá ag teacht chun cinn a aithint chun ár saineolas a fhorbairt tuilleadh chun freastal ar riachtanais leanúnacha.
- **Rannpháirtíocht Chomhoibritheach** - an riachtanas chun atreorú luath agus athbhreithniú gníomhach ar chomhaid a spreagadh chun feabhas a chur ar roghanna bainistíochta cásanna agus chun a chinntiú go nglactar le cuir chuige stuama do chásanna.
- **Bainistíocht Dlíthíochta** - an dúshlán le dlíthíocht a bhainistiú go héifeachtach agus an deis chun infheistíocht luath ag Ranna agus ag Oifigí cliaint i measúnú comhaid dlíthíochta a spreagadh, go háirithe sna réimsí sin ina bhfuil, ó am go ham, méadú suntasach i ndlíthíocht, ionas go ndéantar costas na dlíthíochta don cháiníocóir a íoslaghdú.
- **Aonaid Dhlíthiúla** - forbairt d'aonaid dhlíthiúla tiomnaithe laistigh de Ranna, agus d'fhéadfadh Abhcóidi Comhairleacha tugtha ar iasacht ón Oifig a bheith san áireamh.
- **Feabhas a chur ar éifeachtacht** - an deis chun na háiteanna aithint inar féidir le próisis, nósanna imeachta agus oibríochtaí a shruthlíniú chomh héifeachtach agus is féidir ionas go mbaintear an úsáid is fearr as acmhainní.
- **Foirmiú Beartais Cliant –** freagrachtaí ríthábhachtacha na Ranna a aithint, agus an gá atá le feabhas a chur ar a gcuid saineolais maidir leis sin, an deis le cúnamh iomchuí a sholáthar nuair is féidir d'fhonn seachadadh de threoracha beachta soiléire don Oifig a éascú.
- **Seachadadh seirbhíse** - an gá atá le comhsheasmhacht agus cáilíocht na hoibre a dhéanann an Oifig agus abhcóidí seachtracha nó soláthraithe seirbhíse a chinntiú.
- **Infheistíocht i foirne** - an dúshlán a bhaineann le foirne dlí a choinneáil i margadh iomaíoch agus an gá atá ann le cinntiú go bhfuil an fhoireann go léir forbartha ag a n-acmhainn uasta ionas go bhfeidhmíonn siad ag a gcuid poitéinsil.
- **Sainseirbhísí** - an dúshlán le freagairt ar an úsáid mhéadaithe de ghnólachtaí dlí seachtracha ag Ranna Rialtais i réimsí speisialtachta sa tslí sin go gcoinnítear comhsheasmhacht, luach ar airgead, agus leas an phobail.
- **Bearta an AE** - an deis chun freagra a thabhairt ar an bhfeasacht mhéadaithe i Ranna Rialtais ar an ngá atá le luath-idirghabháil in

idirbheartaíocht ionstraimí AE chun leas an Stáit a chosaint agus chun trasuí luath de bhearta an AE a éascú.

- **Srianta Acmhainne** - an gá le freagra a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le hacmhainní dlí teoranta an Stáit.

Dá réir sin, is í an aidhm atá againn sainseirbhís dlí a chur ar fáil dár Ranna cliaint go léir atá oiriúnaithe agus forbartha ar aon dul le riachtanais ár Ranna cliaint i dtimpeallacht atá ag athrú. Tá sé beartaithe againn é seo a dhéanamh trí dhíriú ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo.

Feidhmíocht a thomhas

Tá stair ag an Oifig maidir le measúnaithe doimhne de shásamh cliant a dhéanamh mar aon le scóip i ndáil le feabhas leanúnach. Tá sé chun tosaigh sa státseirbhís maidir le measúnuithe cáilíochtúla agus cainníochtúla ar fheidhmíocht a dhéanamh. Bunaíodh tagarmharcanna ar bhonn de shuirbhéanna fairsinge sástachta cliant agus grúpaí fócais a tugadh faoi den chéad uair sa bhliain 2004. Ó shin i leith, rinneadh feidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta tagarmharcanna (i réimsí a bhaineann le, mar shampla, cumarsáid, freagrúlacht, cruinneas/cáilíocht, seachadadh seirbhíse, srl) a mheasúnú go foirmiúil trí shuirbhéanna fairsinge agus gníomhaíochtaí leantacha ar bhonn tréimhsiúil a dhéanamh. Rinne an Oifig taighde agus d'fhoghlaim sí conas a thug oifigí dlí eile aghaidh ar shaincheisteanna ar nós dearbhú cáilíochta, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht. Tá an Oifig ag plé freisin le meicníochtaí aiseolais inmheánacha chun a aithint conas is féidir próisis inmheánacha a fheabhsú. Leanfar le bearta measúnaithe den sórt sin (inmheánacha agus seachtracha) a úsáid ar bhonn níos rialta chun na cuspóirí atá leagtha amach thíos a mhonatóiriú, a mheas agus a bhaint amach le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo.

I gcomhréir lena tiomantas chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse, tá iomlán de 20 tionscnamh scoite aitheanta ag an Oifig ar leanfar leo sna trí bliana atá amach romhainn. Áirítear leo siúd ullmhú agus cur chun feidhme treoirlínte, prótacal agus samhlacha seachadta seirbhíse solúbtha mar aon leis an athbhreithniú agus forbairt de TFC, bainistíocht eolais, bainistíocht cásanna, foghlaim/forbairt agus córais tacaíochta.

Spriocanna na hOifige

A Clár Reachtaíochta an Rialtais a sheachadadh

Is é an sprioc atá ag Oifig an Abhcóide Parlaiminte (OPC) seirbhís dréachtaithe reachtaíochta ghairmiúil a sholáthar don Rialtas.

A 1 Déanfaidh an OPC dréacht-reachtaíocht a ullmhú a thugann éifeacht don bheartas reachtúil atá leagtha síos ag an Rialtas agus a chloíonn leis an mBunreacht agus le hoibleagáidí AE an Stáit. Go háirithe, déanfaidh sé na nithe seo a leanas a dhréachtú:

- Billí Rialtais de réir Chlár Reachtaíochta an Rialtais;
- billí práinneacha nó tosaíochta eile mar a d'ordaigh an Rialtas;
- leasuithe Coiste agus céim Tuarascála ar a leithéid sin de Bhillí;
- orduithe Rialtais, orduithe tosach feidhme agus ionstraimí reachtúla (lena n-áirítear rialacháin bheartaithe chun éifeacht a thabhairt d'ionstraimí an Aontais Eorpaigh) a dhéanann reachtaíocht phríomhúil a leasú;
- ionstraimí reachtúla eile ina gceadaíonn riachtanas tosaíochtaí reachtacha atá ann cheana féin.

A 2 Leanfaidh an OPC le béim a leagan do Ranna Rialtais ar an tábhacht a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- cloí na Ranna Rialtais leis na nósanna imeachta maidir le reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach atá leagtha amach sa Lámhleabhar Comh-aireachta;
- tograí beartais reachtaíochta ceaptha agus forbartha go hiomlán ag Ranna Rialtais sula n-úsáidtear seirbhísí an OPC;
- ról lárnach Choiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le tosaíochtaí reachtaíochta Rialtais a leagan síos agus a mhaoirsiú agus le tosaíochtaí reachtaíochta iomaíochta a réiteach d'fhonn a chinntiú go mbaineann an Rialtas an tairbhe uasta as na seirbhísí a chuireann an OPC ar fáil.

A 3 Leanfaidh an OPC ar aghaidh ag dul i ngleic le Ranna Rialtais d'fhonn éifeachtacht níos mó a chinntiú san idirghníomhaíocht ag na Ranna leis an OPC, agus déanfaidh sé go háirithe na nithe seo a leanas -

- leagfaidh sé béim ar an tábhacht a bhaineann le plé Ranna le Abhcóidí ar iasacht agus Abhcóide Comhairleach ag céim luath i bhforbairt na dtograí reachtúla,
- leagfaidh sé béim ar an tábhacht a bhaineann le plé Ranna le Ranna Rialtais eile ag céim luath i bhforbairt na dtograí reachtúla i gcás ina mbíonn na tograí beartais faoi shainchúram de níos mó ná Roinn amháin, nó go bhfuil impleachtaí acu do réimsí beartais a thagann faoi shainchúram de níos mó ná Roinn amháin,
- nuair is cuí agus faoi réir srianta acmhainne laistigh den OPC, rachaidh sé i ngleic le Ranna chun tacú le tionscnaimh oiliúna arna nglacadh acu i leith an phróisis reachtaíochta.

A 4 Leanfaidh an OPC ar aghaidh le bheith rannpháirteach go gníomhach agus ag plé le Coiste Reachtaíochta an Rialtais d'fhonn monatóireacht chuí agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais a éascú.

A 5 Leanfaidh an OPC ar aghaidh lena chomhoibriú le hAbhcóide Comhairleach agus reachtaíocht á dréachtú. Rachaidh an OPC i ngleic freisin le hAbhcóide Comhairleach maidir le hathbhreithnithe a dhéanamh ar thionscadail shuntasacha reachtúla d'fhonn próisis a bhaineann le comhaid reachtaíochta dréachtaithe a fheabhsú agus a bheachtú.

B Cumarsáid agus Comhoibriú le Ranna Cliant

Is é an sprioc atá ag an Oifig rannpháirtíocht fócasaithe agus táirgiúil le Ranna agus Oifigí cliaint a fhorbairt tuilleadh. Áireofar leis seo idirghabháil luath i gcásanna a spreagadh, agus bainistíocht cásanna i ndlíthíocht chun torthaí níos fearr don Stát a bhaint amach. Chun an sprioc seo a bhaint amach, beidh comhaontú lenár gcliaint ag teastáil ar an modh is oiriúnaí de rannpháirtíocht i ngach réimse de sholáthar seirbhíse. Is é an aidhm atá againn a chinntiú sna 3 bliana atá amach romhainn, go mbeidh réitigh níos fearr dár gcliaint ann agus costais coigiltis feabhsaithe don cháiníocóir mar gheall ar chumarsáid agus comhoibriú feabhsaithe.

B 1 Beimid rannpháirteach i gcomhairle struchtúrtha rialta lenár Ranna cliaint chun freagra a thabhairt ar a gcuid cuspóirí beartais agus, dá bhrí sin:

- cuirfimid feabhas ar ár dtuiscint de chuspóirí beartais ár Ranna cliaint, de riachtanais dhlíthiúla speisialaithe agus de spriocanna tosaíochta;
- déanfaimid rannpháirtíocht a neartú chun riachtanais dlí a réamh-mheas agus a phleanáil agus chun seirbhísí ar fud an raoin iomláin d'fheidhmeanna na hOifige a sholáthar;
- déanfaimid treoirlínte a chomhaontú maidir le treoracha cuimsitheacha agus tráthúla a sholáthar, atá riachtanach maidir le comhairle a sholáthar, iompar dlíthíochta agus seachaint de chostais nach bhfuil riachtanach;
- déanfaimid athbhreithniú rialta le Ranna cliaint ar thráthúlacht agus ar mhodh seachadta na comhairle dlí chun a chinntiú go bhfuil sí oiriúnach dá riachtanais atá faoi fhorbairt agus faoi athrú;
- déanfaimid infheistíocht luath ag Ranna cliaint a thacú maidir le dlíthíocht a mheasúnú agus socruithe a chomhaontú maidir le haithint, atreorú agus bainistiú ghníomhach luath de chásanna a dhéanann fasach, ionas gur féidir leas an Stáit a chosaint ar an tslí is fearr;
- leanfaimid le comh-athbhreithnithe ar dhlíthíocht a chur chun cinn i réimsí ina bhfuil líon suntasach imeachtaí tionscanta chun foghlaim ó thaithí agus bearta a chomhaontú chun cosc a chur ar dhlíthíocht nach bhfuil riachtanach agus cuntasacht a chinntiú i ndáil le caiteachas dlíthiúil;
- déanfaimid bealaí inar féidir linn cabhrú le Ranna cliaint a aithint maidir lena saineolas i gceapadh beartais agus le treoracha a thabhairt do reachtaíocht a fhorbairt;
- déánfaimid comhoibriú le hinniúlacht dhlíthiúil atá ann cheana laistigh de Ranna cliaint, lena n-áirítear baill fhoirne dlí atá ar iasacht ón Oifig, chun seachadadh de sheirbhísí dlí atá ann cheana a bharrfheabhsú;
- rachaimid i ngleic le Ranna agus Oifigí cliaint chun réimsí dlí suntasacha nua agus iad atá ag teacht chun cinn a shainaithint chun ár saineolas a fhorbairt tuilleadh;
- déanfaimid Ranna cliaint a thacú maidir le réimsí a shainaithint inar féidir le forbairt fasach agus seicliostaí éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht a éascú;

B 2 Cuirfimid seirbhís feabhsaithe dlí an AE ar fáil trí fhreagairt do riachtanais na Ranna maidir le forbairtí dlíthiúla an AE a bhfuil impleachtaí acu don Stát trí:

- cabhrú le Ranna chun idirghabhálacha agus freagairtí a dhéanamh maidir le dlíthíocht ábhartha os comhair na Cúirte Breithiúnais.
- comhairle luath agus éifeachtach a sholáthar do Ranna cliaint atá ag iarraidh comhairle ar thionscadail AE agus ar thograí beartais;
- nuair a iarrtar, ár rannpháirtíocht i bhforbairt agus idirbheartaíocht reachtaíochta an AE a dhoimhniú;
- athbhreithniú a dhéanamh le Ranna ar (a) an pointe ina n-éilíonn siad comhairle maidir le hidirbheartaíocht ionstraimí aonair an AE agus (b) an sceideal i ndáil le cur chun feidhme beart an AE, a chuireann na hacmhainní atá ar fáil agus spriocdhátaí cur chun feidhme eile san áireamh go himleor;
- ról níos mó d'Abhcóidí ar iasacht sna próisis seo a shainmhíniú;
- prótacail le Ranna cliaint a chomhaontú maidir le treoracha a sholáthar chun na haidhmeanna seo a bhaint amach.

B 3 Déanfaimid cainéil chumarsáide a fhiosrú agus a fhorbairt le gach Roinn agus Oifig Rialtais, chun cur in iúl dóibh faoi ról na hOifige agus faoin réimse seirbhísí a chuirimid ar fáil trí:

- leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar mhodhanna gréasáin agus r-bhunaithe cumarsáide na hOifige cumarsáide le Ranna cliaint
- lorg agus gníomhú ar aiseolas agus ar mheastóireacht a sholáthraíonn Ranna cliaint;
- soláthar de cheardlanna agus tionscnaimh oideachais agus oiliúna le Ranna cliaint a mhéadú;
- cabhrú le cliaint chun dul i ngleic le tionscnaimh r-cheartais an Rialtais ina fhoirmeacha go léir;
- rochtain ar líne ar reachtaíocht na hÉireann trí Leabhar leictreonach Reachtanna na hÉireann (eISB) a bhainistiú, a nuashonrú agus a fheabhsú;
- fócas méadaithe ar réitigh dhíospóidí luatha agus malartacha le Ranna cliaint
- Ranna a éascú maidir le bunachair shonraí de chomhairle a thug an Oifig a fhorbairt.

C Seachadadh Seirbhíse Níos Éifeachtaí

Is é ár gcuspóir anseo tacú le ról bunreachtúil an Ard-Aighne mar Phríomh-Oifigeach Dlí sa Stát trí sheirbhís dlí éifeachtach comhroinnte cothrom le dáta a sholáthar don Rialtas atá ag freagairt do riachtanais athraitheacha ár Ranna cliaint. Déanfaimid córais, struchtúir agus réitigh a fhorbairt a thacaíonn le seachadadh seirbhíse optamam, éifeachtach ó thaobh costais de, atá ag teacht le tosaíochtaí an Rialtais, agus ár neamhspleáchas gairmiúil, agus ár luachanna seirbhíse poiblí á gcoinneáil.

C 1 Déanfaimid múnlaí solúbtha a fhorbairt do sheachadadh seirbhíse ar féidir leo freastal ar riachtanais ár gcliant Ranna atá ag athrú thar shaolré an Ráitis Straitéise seo trí:

- múnlaí do sheachadadh seirbhíse solúbtha a fhiosrú chun freagairt ar éilimh dhlíthiúla phráinneacha a mbeidh tionchar ar Ranna cliaint acu;
- múnla solúbtha a aithint do sheachadadh seirbhíse;
- i gcomhar le Ranna cliaint, foirmlí a mheas i ndáil le hacmhainní de shamhlacha solúbtha a chur ar fáil chun seachadadh ar a gcuid tosaíochtaí.

C 2 Leanfaimid ar aghaidh le córais TFC agus nuálaíocht theicniúil a fhorbairt chun tacú lenár bhfoireann dlí maidir le seirbhís nua-aimseartha agus solúbtha a sholáthar dár Ranna cliaint trí:

- ár gcóras bainistíochta cáis a shruthlíniú;
- monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhorbairtí ar an dóigh a n-úsáideann oifigí dlí TFC agus leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais TFC;
- ár riachtanais thacaíochta inmheánacha a thagarmharcáil agus a athbhreithniú agus tograí i ndáil le feabhsú a chur chun feidhme;
- rochtain chianda TFC a leathnú i gcúrsaí dlíthíochta agus an úsáid is fearr de nuálaíocht theicniúil a chinntiú chun tacú lenár bhfoireann dlí.

C 3 Déanfaimid na prionsabail a bhaineann le sármhaitheas gairmiúil inár seirbhísí dlí a chomhlíonadh trí:

- dea-chleachtas agus luach ar airgead i seachadadh ár seirbhísí a chur chun cinn;
- dea-chleachtas a chur chun cinn i seachadadh seirbhísí dlí don Stát ag na soláthraithe seirbhíse seachtracha dlí sin a úsáidimid;
- Meicníochtaí rialaithe cáilíochta agus cuntasacht le haghaidh feidhmíochta a neartú i seachadadh seirbhísí dlí ag an Stát agus ag soláthraithe seirbhíse dlí seachtracha a úsáidimid.

C 4 Coinneoimid an raon seirbhísí dlí a chuirtear ar fáil don Rialtas faoi athbhreithniú le cinntiú go bhfuil a riachtanais á gcomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de, trí:

- athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn na sonraí atá ar fáil, ar chandam agus ar cháilíocht na seirbhísí dlí a chuirtear ar fáil don Rialtas agus ar an tslí ina ndéantar iad a sheachadadh;
- dul i ngleic le Ranna cliaint chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí dlíthiúla éifeachtúla agus éifeachtacha ó thaobh costais de ar fáil dóibh;
- lorg agus gníomhú ar aiseolas agus ar mheastóireacht a sholáthraíonn Ranna cliaint i ndáil le héifeachtúlacht dlí agus seachadadh éifeachtach ó thaobh costais de de sheirbhísí dlí ag an Oifig seo.

C 5 Tabharfaimid tacaíocht do Ranna cliaint le cinntiú go dtógtar cinnteoireacht riaracháin agus cur chun feidhme na dtosaíochtaí faoin bPlean um Athchóiriú na Státseirbhíse 2015-17 ar bhonn dlíthiúil láidir agus go gcloíonn siad le luachanna seirbhíse poiblí trí: -

- tacú le Ranna cliaint trí rannpháirtíocht éifeachtach le cinntiú go dtuigtear agus go gcuirtear i bhfeidhm prionsabail ábhartha dhlí, cheart an duine agus bhunreachtúla sa chinnteoireacht;
- feabhas a chur ar chuntasacht, trédhearcacht agus soláthar seirbhíse ar mhaithe le leas an phobail mar a aithníodh faoin bPlean um Athchóiriú na Státseirbhíse 2015-17 trí thacú le cliaint i dtreoracha soiléire beartais a cheapadh nuair a iarrtar comhairlí dlí;

- cabhrú le Ranna cliaint le dul i ngleic le cinnteoireacht ar bhealach a laghdaíonn rioscaí dlí don Stát agus a ligeann do chinnteoireacht dleathach, inrochtana, trédhearcach, comhréireach agus intuartha ar mhaithe le leasanna na saoránach.

D. Bainistíochta Eolais, Foghlaim agus Cumas Eagraíochtúil

Is é ár sprioc anseo a chinntiú go bhfuilimid in ann foireann ardchaighdeáin a earcú agus a choinneáil, agus leanúint le hinfheistiú inár bhfoireann agus iad a fhorbairt chun sármhaitheas gairmiúil leanúnach a chinntiú sa chaoi is go soláthraítear seirbhísí dlí barrmhaitheasa do Ranna cliaint. Aithníonn an Oifig an ról lárnach atá ag Bainistíocht Eolais agus foghlaim agus forbairt Eolais. Tá sé beartaithe againn, dá bhrí sin, le linn saolré na Straitéise, cur le bainistíocht eolais, foghlaim, forbairt agus córais TF, trí thiomnú do na cuspóirí seo a leanas:

D 1 Déanfaidh an Oifig straitéisí nua bainistíochta eolais a ullmhú d'fhonn:

- Feabhas a chur ar ghabháil agus comhroinnt d’fhios gnó dlí agus eagraíochtúil;
- Ranna Rialtais a spreagadh chun dul i mbun Bainistíochta Eolais dlí;
- Treochtaí agus forbairtí a mhonatóiriú i ndáil le bainistíocht eolais ar fud an réimse dlí agus neamhdhlí araon.

D 2 Mar Oifig eolasbhunaithe, leanfaimid le béim a leagan ar fhoghlaim agus ar fhorbairt ár bhfoirne d'fhonn freastal ar riachtanais dlíthiúla leanúnacha agus ionchais trí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais fhoghlama agus fhorbartha ar fud codanna comhábhair na hOifige agus straitéisí a fhostú chun oiliúint agus forbairt dár bhfoireann dlí a chinntiú;
- ár straitéisí foghlama agus oiliúna ar fud na hOifige a chur chun feidhme;

D 3 Déanfaimid pleanáil le haghaidh riachtanas dlíthiúil speisialta méadaithe san Oifig agus an tslí is fearr chun riachtanais dhlíthiúla thosaíochta an Rialtais a laghdú trí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar an riachtanas le sainfhoireann dlí;
- plé leis an Rialtas maidir leis an gcaoi is fearr chun acmhainní riachtanais dlí speisialtachta a chur ar fáil
- athbhreithniú a dhéanamh ar na múnlaí le haghaidh seachadta seirbhísí dlí i Ranna, lena n-áirítear úsáid a bhaint as aonaid dhlíthiúla laistigh de Ranna, agus foireann soláthartha i bpáirt nó go hiomlán ag baill na hOifige.

D 4 Déanfaidh an Oifig bearta chun foghlaim ó sholáthraithe eile seirbhísí dlí d'fhonn seirbhís níos fearr a chinntiú agus, dá bhrí sin, torthaí níos fearr don Rialtas trí -

- na seirbhísí a chuireann soláthraithe seirbhíse dlíthiúla eile ar fáil a thagarmharcáil agus a athbhreithniú agus aon mholtaí a eascraíonn as sin a chur chun feidhme;
- le cúnamh ón Rialtais, a chinntiú go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an Rialtas le bheith iomaíoch i ndáil leis an bhfoireann is fearr a earcú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir ghairme don fhoireann san Oifig.